Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10132/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0180 (NLE)**

**ACP 77**
**FIN 657**
**PTOM 8**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022 |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[2], agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

**1** IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
**2** OJ L 307, 3.12.2018, p. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún Eorpach le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2022 lena leagtar amach méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2022 agus méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2022, i gcás nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, foráiltear go n-ídeofar ar dtús, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, na méideanna dá bhforáiltear i gCistí Eorpacha Forbraíochta roimh an gCiste Eorpach Forbraíochta reatha. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 a dhéanamh le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta ('CEF') go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020 nó faoi CEFanna roimhe sin le hathúsáid.

(5) Le Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle[2], socraítear méid bliantúil ranníocaíochta CEF na mBallstát le haghaidh 2022 ag EUR 2 500 000 000 le haghaidh an Choimisiúin agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh BEI.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

[2] Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 (IO L 396, 10.11.2021, lch. 61).

*Airteagal 1*

Íocfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair CEF leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar an dara tráthchuid le haghaidh 2022, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | 2ú tráthchuid 2022 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | an Coimisiún 11ú CEF | BEI 11ú CEF | |
| AN BHEILG | 3,24927 | 25 994 160,00 | 3 249 270,00 | 29 243 430,00 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 1 748 240,00 | 218 530,00 | 1 966 770,00 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 6 379 600,00 | 797 450,00 | 7 177 050,00 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 15 843 600,00 | 1 980 450,00 | 17 824 050,00 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 164 638 400,00 | 20 579 800,00 | 185 218 200,00 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 690 800,00 | 86 350,00 | 777 150,00 |
| ÉIRE | 0,94006 | 7 520 480,00 | 940 060,00 | 8 460 540,00 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 12 058 800,00 | 1 507 350,00 | 13 566 150,00 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 63 459 840,00 | 7 932 480,00 | 71 392 320,00 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 142 501 520,00 | 17 812 690,00 | 160 314 210,00 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 1 801 440,00 | 225 180,00 | 2 026 620,00 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 100 240 720,00 | 12 530 090,00 | 112 770 810,00 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 892 960,00 | 111 620,00 | 1 004 580,00 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 928 960,00 | 116 120,00 | 1 045 080,00 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 1 446 160,00 | 180 770,00 | 1 626 930,00 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 2 040 720,00 | 255 090,00 | 2 295 810,00 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 4 916 480,00 | 614 560,00 | 5 531 040,00 |
| MÁLTA | 0,03801 | 304 080,00 | 38 010,00 | 342 090,00 |

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | 2ú tráthchuid 2022 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | an Coimisiún<br>11ú CEF | BEI<br>11ú CEF | |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 38 214 240,00 | 4 776 780,00 | 42 991 020,00 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 19 180 560,00 | 2 397 570,00 | 21 578 130,00 |
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 16 058 720,00 | 2 007 340,00 | 18 066 060,00 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 9 574 320,00 | 1 196 790,00 | 10 771 110,00 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 5 745 200,00 | 718 150,00 | 6 463 350,00 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 1 796 160,00 | 224 520,00 | 2 020 680,00 |
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 3 009 280,00 | 376 160,00 | 3 385 440,00 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 12 072 720,00 | 1 509 090,00 | 13 581 810,00 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 23 512 880,00 | 2 939 110,00 | 26 451 990,00 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE | 14,67862 | 117 428 960,00 | 14 678 620,00 | 132 107 580,00 |
| IOMLÁN - AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE | 100,00 | 800 000 000,00 | 100 000 000,00 | 900 000 000,00 |